Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12642/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0230(NLE)**

**COPEN 249**
**CYBER 239**
**JAI 1220**
**COPS 434**
**RELEX 1137**
**JAIEX 95**
**TELECOM 292**
**POLMIL 256**
**CFSP/PESC 1310**
**ENFOPOL 316**
**DATAPROTECT 204**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh,
Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta;
Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac
arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide
agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16, Airteagal 82(1), Airteagal 83(1) agus Airteagal 87(2) i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Bealtaine 2022, le Cinneadh (AE) 2022/895 ón gComhairle[1] údaraíodh an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach (‘an Coinbhinsiún’).

(2) Glacadh téacs an Choinbhinsiúin an 24 Nollaig 2024 le Rún 79/243 ag an 55ú cruinniú iomlánach de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus tá sé beartaithe é a oscailt lena shíniú in Hanáí, Vítneam ón 25 go 26 Deireadh Fómhair 2025 agus ina dhiaidh sin ag Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac go dtí an 31 Nollaig 2026.

(3) Tá an Coinbhinsiún i gcomhréir le cuspóirí slándála an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 67(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is é sin ardleibhéal slándála a áirithiú trí bhearta chun an choireacht a chosc agus a chomhrac agus trí bhearta maidir le comhordú agus comhar idir údaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile, agus trí dhlíthe coiriúla a chomhfhogasú.

---

[1] Cinneadh (AE) 2022/895 ón gComhairle an 24 Bealtaine 2022 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil (IO L 155, 8.6.2022, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/895/oj).

(4) Tá feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir le himscrúduithe coiriúla sonracha nó imeachtaí coiriúla sonracha a bhaineann le cionta coiriúla arna mbunú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún chomh maith le malartú fianaise i bhfoirm leictreonach a bhaineann le coireanna tromchúiseacha (cionta is inphionóis le cailleadh saoirse uasta ceithre bliana, ar a laghad, nó pionós níos tromchúisí), agus ní cheadaítear leis ach malartú faisnéise chun na gcríoch sin.

(5) Leis an gCoinbhinsiún, comhchuibhítear tacar teoranta cionta atá sainithe go soiléir agus, an tráth céanna, ceadaítear an tsolúbthacht is gá do na Stáit is Páirtithe chun róchoiriúlú iompair dhlisteanaigh a sheachaint.

(6) Ní bhunaítear leis an gCoinbhinsiún ach rialacha íosta maidir le dliteanas daoine dlítheanacha i leith rannpháirtíocht sna cionta arna mbunú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún. Ní cheanglaítear leis ar Stáit is Páirtithe cibé bearta is gá a ghlacadh chun dliteanas daoine dlítheanacha a bhunú ar bhealach a bheadh ar neamhréir lena bprionsabail dhlíthiúla.

(7) Tá an Coinbhinsiún i gcomhréir freisin le cuspóirí an Aontais maidir le sonraí pearsanta, príobháideachas agus cearta bunúsacha a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 16 CFAE agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’).

(8) Foráiltear leis an gCoinbhinsiún do choimircí láidre maidir le cearta an duine agus eisiatar aon léirmhíniú as a dtiocfadh cur faoi chois chearta an duine nó saoirsí bunúsacha, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse coinsiasa, saoirse tuairimíochta, saoirse reiligiúin nó saoirse creidimh, saoirse comhthionóil shíochánta agus saoirse comhlachais. Áirithítear leis na coimircí sin freisin gur féidir comhar idirnáisiúnta a dhiúltú dá mbeadh an comhar idirnáisiúnta sin contrártha do dhlíthe náisiúnta na Stát is Páirtithe nó dá mbeadh gá leis an diúltú sin chun aon chineál idirdhealaithe a sheachaint.

(9) Maidir leis na cumhachtaí agus na nósanna imeachta ar an leibhéal intíre agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon, déantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le coinníollacha cothrománacha agus coimircí cothrománacha lena n-áirithítear cosaint chearta an duine, i gcomhréir le hoibleagáidí na Stát is Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Tá na Stáit is Páirtithe le prionsabal na comhréireachta a ionchorprú ina ndlí náisiúnta freisin. Sna coinníollacha agus coimircí sin, áireofar, *inter alia*, athbhreithniú breithiúnach nó athbhreithniú neamhspleách eile, an ceart ar leigheas éifeachtach, na forais lena dtugtar údar le cur i bhfeidhm agus teorannú raon feidhme agus ré na gcumhachtaí agus na nósanna imeachta sin.

(10) Sa Choinbhinsiún tá foráil thiomnaithe maidir le cosaint sonraí pearsanta lena n-áirithítear nach mór prionsabail thábhachtacha maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear teorannú de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, comhréireacht agus riachtanas, a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an gCairt, sular féidir aon sonraí pearsanta a sholáthar do Stát is Páirtí eile.

(11) Lena rannpháirtíocht sa chaibidlíocht, thar ceann an Aontais, d'áirithigh an Coimisiún comhoiriúnacht an Choinbhinsiúin le rialacha ábhartha an Aontais.

(12) Tá roinnt forchoimeádas agus fógraí ábhartha chun comhoiriúnacht an Choinbhinsiúin le dlí agus beartais an Aontais a áirithiú, chomh maith le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Choinbhinsiúin i measc na mBallstát ina gcaidreamh le Stáit is Páirtithe nach bhfuil san Aontas, agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Choinbhinsiúin.

(13) Ós rud é go ndéantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le nósanna imeachta lena bhfeabhsaítear rochtain trasteorann ar fhianaise i bhfoirm leictreonach agus ardleibhéal coimircí, trí bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún cuirfear comhsheasmhacht chun cinn in iarrachtaí an Aontais an chibearchoireacht agus cineálacha eile coireachta a chomhrac ar an leibhéal domhanda. Éascóidh sé comhar idir na Stáit is Páirtithe ar Ballstáit den Aontas iad agus na Stáit is Páirtithe nach Ballstáit den Aontas iad agus ardleibhéal cosanta do dhaoine aonair á áirithiú an tráth céanna.

(14) I gcomhréir le hAirteagal 64(2) de, tá an Coinbhinsiún ar oscailt lena shíniú ag an Aontas.

(15) Ba cheart an tAontas a bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún in éineacht lena Bhallstáit, ós rud é go bhfuil inniúlachtaí ag an Aontas agus a Bhallstáit araon sna réimsí a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún. Tá an Cinneadh seo gan dochar do shíniú an Choinbhinsiúin ag na Ballstáit, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha. Ba cheart an Coinbhinsiún a shíniú thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais a mhéid a d’fhéadfadh an Coinbhinsiún difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó a raon feidhme a athrú. I réimse na n-inniúlachtaí comhroinnte, coinníonn na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach ndéanann an Coinbhinsiún difear do rialacha comhchoiteanna ná nach n-athraíonn sé a raon feidhme.

(16) Ina theannta sin, le síniú tapa an Choinbhinsiúin ag an Aontas, áiritheofar go mbeidh guth fiúntach ag an Aontas go luath i gcur chun feidhme an chreata nua dhomhanda seo maidir leis an gcomhrac in aghaidh na cibearchoireachta.

(17) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus thug sé tuairim uaidh an 4 Meán Fómhair 2025.

(18) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(19) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(20) Ba cheart an Coinbhinsiún a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais Eorpaigh, síniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; lena ndéantar Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach ('an Coinbhinsiún'), faoi réir thabhairt i gcrích an Choinbhinsiún sin[3*].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[3] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

[*] Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 12735/2025.